Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2011–2012**

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2
## Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉ LUAIN 27 FEABHRA 2012**
**11.00 am–11.45 am**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

LEATHANACH BÁN

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Tugtar dhá chineál truaillithe anseo thíos. Agus línte in úsáid agat, ceangail an cineál truaillithe le modh a bheadh fóirsteanach le tionchar an truaillithe a laghdú.

| **Cineál truaillithe** | **Modh le tionchar an truaillithe a laghdú** |
|---|---|
| | boscaí bruscair níos mó |
| báisteach aigéadach | |
| | athchúrsáil |
| fuíoll teaghlaigh | |
| | scagairí ar shimléir |

[2]

**(b)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**ocsaigin : níotráit : camras neamhchóireáilte :**

**dé-ocsaíd charbóin**

Tá ceimiceán darb ainm ______________________________ in

______________________________ agus is féidir leis uisce a

thruailliú nuair a théann sé isteach in aibhneacha. [2]

**2** **(a)** Taispeánann an tábla seo a leanas faisnéis ar dhaltaí i rang.

| | **Saintréith** | | |
|---|---|---|---|
| **Dalta** | **Airde/cm** | **Dath súl** | **Ábalta an teanga a rolladh** |
| Sinéad | 155 | Gorm | Is ea |
| Tomás | 157 | Gorm | Ní hea |
| Órlaith | 141 | Donn | Ní hea |
| Seán | 150 | Gorm | Is ea |
| Breandán | 149 | Donn | Is ea |

**(i)** Cá mhéad dalta a bhfuil súile gorma acu **agus** atá ábalta an teanga a rolladh?

_______________________ [1]

**(ii)** Cé acu saintréith a bhfuil éagsúlacht leanúnach á léiriú aici?

_______________________ [1]

**(b)** Bíonn 46 crómasóm i gcealla chorp an duine de ghnáth.

**(i)** Cá mhéad crómasóm atá ann i gcealla duine a bhfuil siondróm Down air/uirthi?

**Ciorclaigh** an freagra ceart.

**23** **46** **47** [1]

**(ii)** Cad é a thugtar ar athruithe ar líon nó ar struchtúr crómasóim?

Roghnaigh ó:

**solas ultraivialait** : **sócháin** : **ionfhabhtuithe**

_____________________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Tá an tarra i ndeatach tobac thar a bheith dochrach don chorp.

**(i)** Luaigh dhá éifeacht a bhíonn ag an **tarra** i ndeatach tobac ar an chorp?

Roghnaigh ó:

**ina chúis le heimfiséime : ina chúis le handúil**

**ina chúis le hailse : tá éifeacht aige ar an ráta croí**

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(ii)** Cad é atá i gceist, dar leat, le caitheamh fulangach tobac?

______________________________ [1]

**(b)** Is féidir go ndéanfaidh alcól dochar don chorp chomh maith. Tá Bean Nic Gabhann ag caint le rang Bhliain 11 faoi chaitheamh 'freagrach' alcóil.

**(i)** Luaigh dhá rud a d'fhéadfadh sí a mholadh maidir le caitheamh 'freagrach' alcóil.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(ii)** Is iomaí beár agus club atá oscailte i bhfad níos moille ná mar a bhíodh agus ní ag an am céanna a dhruideann na beáir agus na clubanna uilig i lár na cathrach.

Luaigh dóigh **amháin** a mbeadh sé seo ina chuidiú leis an fhoréigean a bhaineann le halcól a laghdú.

______________________________

______________________________ [1]


**4** Rinne Niamh imscrúdú lena fháil amach an raibh éifeacht ag an líon plandaí i bpota ar fhás gach planda.

Tá cuid de na torthaí sa tábla seo thíos.

| **An líon plandaí sa phota** | **Meánmhais gach planda/g** | **Mais iomlán na bplandaí i ngach pota/g** |
|---|---|---|
| 5 | 28 | 140 |
| 10 | 22 | 220 |
| 15 | 17 | 255 |
| 20 | 9 | 180 |
| 25 | 4 | |

**(a)** **(i)** Comhlánaigh an tábla thuas. [1]

**(ii)** Ar an eangach thíos, breac líneghraf de **mheánmhais** gach planda ar líon na bplandaí sa phota.




[2]

**(iii)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas maidir le treocht atá á léiriú ag na torthaí.

De réir mar a bhíonn an líon plandaí i bpota ag méadú, bíonn an

_______________________________________________ ag laghdú.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

(iv) Mínigh ina iomláine an treocht a gcuirtear síos air i gcuid **(iii)**.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Is téarma é táirgiúlacht a chuireann síos ar fhás planda. San imscrúdú seo is ionann í agus mais iomlán an ábhair phlanda i ngach pota.

Cé acu dlús plandaithe (pota) a bhfuil an táirgiúlacht is mó ann?

**Ciorclaigh** an freagra ceart.

**5** **10** **15** **20** **25**

[1]

**(c)** **(i)** Luaigh dhá rud a dhéanfadh Niamh le linn an imscrúdaithe lena chinntiú go mbeadh na torthaí bailí (triail chothrom).

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]


**(ii)** Shocraigh Niamh go ndéanfadh sí an t-imscrúdú arís. Cad chuige, dar leat, ar cleachtadh maith eolaíochta é seo?

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** **(a)** Taispeánann an léaráid seo a leanas cuid den timthriall carbóin.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(i)** An fhaisnéis thuas agus do chuid eolais féin in úsáid agat, luaigh **dhá** fháth a bhfuil **méadú** ar leibhéal na dé-ocsaíde carbóin san aer le blianta beaga anuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an fhadhb timpeallachta a bhíonn ann mar gheall ar leibhéil dé-ocsaíd charbóin a bheith ag méadú.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Taispeánann an léaráid seo a leanas crainn ghiúise ag fás i bhforaois.



Bíonn an crann giúise faoi dhuilliúr an bhliain uilig agus is féidir é a chur ag fás ar ithir dar caighdeán bocht nach bhfásfadh cuid mhór de na crainn dhúchasacha uirthi.

**(i)** An fhaisnéis thuas agus do chuid eolais féin in úsáid agat, déan cur síos agus tabhair míniú ar bhuntáiste **amháin** don timpeallacht as foraoisí giúise a chur.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(ii)** Murab ionann agus crainn ghiúise, ní bhíonn an dair agus an fhuinseog faoi dhuilliúr ach i rith mhíonna an tSamhraidh. Cad chuige, dar leat, nach mbíonn ach fíorbheagán de phlandaí Earraigh amhail an cloigín gorm i bhforaoisí giúise i gcomparáid le foraoisí darach nó foraoisí fuinseoige?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Taispeánann an graf seo a leanas an dóigh a mbíonn na leibhéil antasubstainte ag athrú san fhuil i ndiaidh do dhuine vacsaíniú a fháil.




**Ná** húsáid **ach** an fhaisnéis a thugtar le cuid **(i)** agus cuid **(ii)** a fhreagairt.

**(i)** Luaigh fáth **amháin** a dtugtar vaicsínithe in éadan galair choitianta do leanaí agus do pháistí óga roinnt míonna sula ndéanfadh siad teagmháil le hionfhabhtuithe.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cén fhianaise atá ann go dtugann vacsaínithe cosaint fhadtéarmach?

______________________________________________ [1]

**(b)** Fuair Coilín vacsaíniú in aghaidh an fhliú i Mí Mheán Fómhair. Tháinig ionfhabhtú an víris fliú air i Mí Feabhra. Mínigh cén dóigh nár tháinig tinneas air cionn is go raibh an vacsaíniú aige.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(c) (i)** Nuair atá daoine ag dul go tíortha áirithe caithfidh siad vacsaínithe 'taistil' a fháil sula n-imíonn siad.

Mínigh cad chuige a bhfuil na vacsaínithe taistil seo riachtanach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an cineál imdhíonachta atá i gceist le vacsaínithe taistil.

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**7 (a)** Is sampla é an diúilicín riabhach de speiceas ionrach iomaíoch.



© Crown Copyright – Department of the Environment
http://archive.nics.gov.uk/env/050701b-env.htm

Tá siad i ndiaidh dul isteach i gcuid mhór de na príomh-uiscebhealaí i dTuaisceart Éireann agus tá siad ag déanamh dochair do ghnáthóga nádúrtha. Ba de thaisme a tugadh diúilicíni riabhacha isteach go hÉirinn mar gheall ar ghníomhaíocht dhaonna. Táirgeann siad substaint ghreamaitheach a fhágann go dtig leo greamú de rudaí crua amhail carraigeacha nó tóin bhád.

**(i)** Luaigh dóigh **amháin** ar chuidigh an duine le diúilicíní riabhacha teacht isteach go hÉirinn.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh speiceas ionrach iomaíoch **amháin** eile.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh **dhá** shaintréith a bhaineann le speicis ionracha iomaíocha.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Is féidir faisnéis aibitheach agus faisnéis bhitheach a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar fholláine na timpeallachta.

**(i)** Cad é a chiallaíonn toisc bhitheach?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh orgánach **amháin** is féidir a úsáid le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil truaillithe.

______________________________________________ [1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.